

## An Coimisinéir Eorpach

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chruinnithe atá ag an Choimisinéir Eorpach Ollie Rehn i mBaile Átha Cliath. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan iarracht an Ghaeilge a aimsiú de na leaganacha Béarla seo a leanas:

1. economic business/affairs
2. budget affairs
3. Government's 4 year economic plan
4. being discussed
5. in the meantime
6. interest rate
7. bond markets
8. he had to deal with
9. crises
10. Economic and Monetary Commissioner
11. in conformity with
12. the treasury's return
13. opposition parties
14. Irish Business and Employers' Confederation (IBEC)
15. lobby group

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

### Ceist 2

Féach ar an mhír uair amháin agus scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre.

### Ceist 3

Anois féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cad a deirtear faoin ráta úis?
2. Cén fáth a bhfuil Ollie Rehn ag casadh le Brian Lenihan?
3. Cad a deir an Dr. Cormac Mac Fhionnlaoich?
4. Cé hiad na daoine eile ar fad (taobh amuigh de bhaill an rialtais) a gcasfaidh an Coimisinéir leo?
5. Cén fáth a raibh *Social Justice Ireland* maslaithe?

### Ceist 4

*'ar fhadhbanna'*

- (a) Cad iad na réamhfhocail shimplí eile a leanann séimhiú iad?
- (b) Éist leis an mhír uair amháin eile agus breac síos aon sampla a chloiseann tú de shéimhiú a leanann réamhfhocal simplí.
- (c) *'ar ball'* – cén fáth nach bhfuil séimhiú ar **ball**?
- (d) *'leis an ghéarchéim'* – déan plé leis an duine in aice leat ar an difríocht idir an leagan seo ón mhír agus an leagan: *'leis an ngéarchéim'*.

### Ceist 5

*'ceaptha'* agus *'dírithe'*

- (a) Cén ghné den ghramadach é seo?
- (b) Breac síos an ghné chéanna de na briathra seo thíos agus cuir na focail nua in abairtí chun a míniú a léiriú. Tá sampla tugtha.

**Scríobh – scríofa:** *Caithfidh an aiste a bheith scríofa agaibh roimh dheireadh na seachtaine.*

1. Buail
2. Dearmad
3. Caith
4. Tóg
5. Ceannaigh
6. Foghlaim
7. Fógair
8. Léigh
9. Pléasc
10. Pléigh

**Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An raibh aon chur amach agat ar an scéal seo sula bhfaca tú an mhír?  
Cad atá ar eolas agat faoi staid eacnamaíochta na tíre?  
An éisteann tú leis an nuacht go rialta? Cén fáth?  
Cén fáth a bhfuil droch-chaoi ar an gheilleagar faoi láthair, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1. economic business/affairs – *gnóthaí eacnamaíochta*
2. budget affairs – *cúrsaí buiséid*
3. Government's 4 year economic plan – *plean eacnamaíochta cheithre bliana an rialtais*
4. being discussed – *faoi chaibidil*
5. in the meantime - *idir an dá linn*
6. interest rate – *ráta úis*
7. bond markets – *margaí bannaí*
8. he had to deal with – *b'éigean dó dul i ngleic leis*
9. crises – *géarchéim*
10. Economic and Monetary Commissioner – *Coimisinéir Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta*
11. In conformity with – *i gcomhréir le*
12. The treasury's return – *teacht isteach an Státchiste*
13. opposition parties – *páirtithe an fhreasúra*
14. Irish Business and Employers' Confederation (IBEC) – *Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann*
15. lobby group – *grúpa stocaireachta*

### Ceist 2

Iarr ar an rang achoimre ghairid a scríobh.

### Ceist 3

1. Tá an ráta úis a chaithfidh an tír a íoc le hairgead a fháil ar iasacht os cionn ocht faoin gcéad ar na margaí bannaí tráthnóna.
2. Tá cruinnithe aige i mBaile Átha Cliath anocht agus amárach le breac-chuntas a thabhairt ar anailís an Aontais Eorpaigh ar fhadhbanna eacnamaíochta na tíre seo agus ar an ghá atá le plean cuimsitheach le caiteachas an rialtais a thabhairt i gcomhréir le teacht isteach an Státchiste.
3. Deir sé go gcaithfidh an tír a bheith muiníneach, agus go bhfuil súil aige go n-éireodh go maith leis na cruinnithe mar go bhfuil siad an-tábhachtach.
4. Beidh cruinnithe ar leith ag an Choimisinéir Rehn le hionadaithe ó pháirtithe an fhreasúra anseo in oifigí Choimisiún na hEorpa. Buailfidh sé le toscaireachtaí ó Chomhdháil na gCeardchumann agus ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann nó IBEC. Beidh cruinniú aige fosta le Gobharnóir an Bhainc Cheannais, Patrick Honohan sula bhfillfidh sé ar an Bhruiséil.
5. Deir an grúpa stocaireachta *Social Justice Ireland* go bhfuil an Coimisinéir ag diúltú buaileadh leosan. Dúirt stiúrthóir na heagraíochta, An tAthair Seán Healy go bhfuil na boicht agus iad siúd atá leochaileach sa tír maslaithe ag an Choimisinéir de bharr an diúltaithe seo.

### Ceist 4

- (a) *de, do, faoi, mar, ó, roimh, trí, um*. Bíonn séimhiú ar *ar, gan, idir agus thar* i gcásanna áirithe.
- (b) *'ar ghnóthaí', 'faoi chaibidil', 'ar fhadhbanna' 'ó pháirtithe', 'ó Chomhdháil', 'ó Chónaidhm'*.
- (c) Ní bhíonn séimhiú tar éis 'ar' má chuireann an leagan staid nó suíomh in iúl, nó má bhíonn ionad ginearálta i gceist – ar ball, ar meisce, ar maidin, ar críth, ar conradh.
- (d) Bíonn séimhiú ar an ainmfhocal sa tuiseal tabhartha i gcanúint Uladh ach bíonn urú i gceist sna canúintí eile.

### Ceist 5

- (a) Is é an aidiacht bhriathartha atá ann.
- (b) Buail – buailte  
Dearmad – dearmadta

Caith – caite  
Tóg – tógtha  
Ceannaigh – ceannaithe  
Foghlaim – foghlamtha  
Fógair – fógartha  
Léigh – léite  
Pléasc – pléasctha  
Pléigh – pléite

**Ceist 6**

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann

## **Eimear Ní Chonaola**

Tá an Coimisinéir Eorpach ar ghnóthaí eacnamaíochta Olli Rehn i dTithe an Rialtais le haghaidh cruinniú leis an Aire Airgeadais Brian Lenihan. Cúrsaí buiséid agus plean eacnamaíochta cheithre bliana an rialtais atá faoi chaibidil acu. Idir an dá linn tá an ráta úis a chaithfidh an tír seo a íoc le hairgead a fháil ar iasacht os cionn ocht faoin gcéad ar na margaí bannaí tráthnóna.

## **Peadar Mac Gaoithín**

An Coimisinéir Olli Rehn ag teacht isteach go Tithe an Rialtais ar ball beag. B'éigean do Olli Rehn dul i ngleic go tapa leis an ghéarchéim airgeadais sa Ghréig go luath i ndiaidh dó bheith ceaptha ina Choimisinéir Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta i mbliana. Is ar an tír seo atá a aird anois dírithe. Tá cruinnithe aige i mBaile Átha Cliath anocht agus amárach le breac-chuntas a thabhairt ar anailís an Aontais Eorpaigh ar fhadhbanna eacnamaíochta na tíre seo agus ar an ghá atá le plean cuimsitheach le caiteachas an rialtais a thabhairt i gcomhréir le theacht isteach an Státchiste.

## **An Dr. Cormac Mac Fhionnlaoidh, Léachtóir le hAirgeadas, Scoil Ghnó Smurfit**

Is gá dúinn súil ghéar a choimeád ar an bpictiúr uilig. Ach, taobh thiar de seo go léir measaim féin go bhfuil ceist mhuiníne i gceist agus gur gá dúinn muinín a chothú. Agus tá súil agam go mbíonn turas maith aige agus go n-éiríonn go maith leis na cruinnithe, mar tá sé sin tábhachtach ó thaobh na tíre<sup>1</sup>.

## **Peadar Mac Gaoithín**

Beidh cruinnithe ar leith ag an Choimisinéir Rehn le hionadaithe ó pháirtithe an fhreasúra anseo in oifigí Choimisiún na hEorpa. Buailfidh sé le toscaireachtaí ó Chomhdháil na gCeardchumann agus ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann nó IBEC. Beidh cruinniú aige fosta le Gobharnóir an Bhainc Cheannais, Patrick Honohan sula bhfillfidh sé ar an Bhruiséil. Ach deir an grúpa stocaireachta *Social Justice Ireland* go bhfuil an Coimisinéir ag diúltú buaileadh leosan. Dúirt stiúrthóir na heagraíochta, An tAthair Seán Healy go bhfuil na boicht agus iad siúd atá leochaileach sa tír maslaithe ag an Choimisinéir de bharr an diúltaithe<sup>2</sup> seo. Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

<sup>1</sup> tír a deirtear

<sup>2</sup> diúltú a deirtear